

Preaseisiúint ó FRA  
Vín, 23 Deireadh Fómhair 2017

## **Cearta bunúsacha san faireachas: cothaítear an mhuinín agus feabhsaítear an tslándáil**

**Tá athchóirithe ar dhlíthe faireachais ag méadú na trédhearcachta. Mar sin féin, tá seiceáil agus comhardú níos fearr ag teastáil chun freagairt do na cumhachtaí atá ag seirbhísí faisnéise, dar le tuarascáil nua ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Léirítear inti go bhfuil creataí dlíthiúla, cosaintí láidre agus maoirseacht éifeachtach ag teastáil chun an tslándáil a fheabhsú agus cearta bunúsacha a urramú.**

*"Níl sé fíor nach féidir cearta bunúsacha a chosaint agus slándáil náisiúnta éifeachtach a sholáthar ag an am céanna. Go deimhin, is amhlaidh go n-éiríonn níos fearr le córais faireachais lena n-urramaítear cearta an duine,"* dar le [Michael O'Flaherty](#), Stiúrthóir FRA. *"Má urramaítear an príobháideacht agus an chosaint sonraí, cothófar an mhuinín as seirbhísí faisnéise, feabhsófar bailiú agus anailís sonraí agus, ar deireadh, neartófar an tslándáil náisiúnta."*

Sa dara tuarascáil ón nGníomhaireacht dar teideal '[Faireachas ag seirbhísí faisnéise: cosaintí agus leigheasanna cearta bunúsach san Aontas Eorpach](#)', pléitear na hathruithe dlíthiúla atá tagtha chun cinn ón uair a foilsíodh tuarascáil 2015 i leith. Ina theannta sin, gabhtar tuairimí na saineolaithe agus rialaitheoirí faisnéise iad féin sa tuarascáil den chéad uair riamh chun a fháil amach conas a fheidhmítear na dlíthe sin ó thaobh na praiticiúlachta de.

De bharr bagairtí ar an tslándáil agus teicneolaíocht nua, tá lear athchóirithe fairsinge á ndéanamh ar dhlíthe faireachais. Cé gur soiléire atá na creataí dlíthiúla athchóirithe, is minic a bhíonn siad róchasta, rud is cúis le neamhchinnteacht faoi chumhachtaí agus sainorduithe na seirbhísí faisnéise. Mar thoradh air sin, tá cosaintí níos láidre ag teastáil maidir leis an gcosaint sonraí agus an príobháideacht.

Comhlíonann na breithiúna, sainchomhlachtaí saineolaithe, coistí parlaiminteacha agus údarais chosanta sonraí ról ríthábhachtach in obair na seirbhísí faisnéise a mhaoirsiú. Mar a luaitear sa tuarascáil, áfach, tá siad faoi mhíbhuntáiste mar gur in easnamh orthu atá rochtain ar fhaisnéis, inniúlachtaí, cumhachtaí chun cinntí ceangailteacha a eisiúint, eolas teicniúil, acmhainní agus neamhspleáchas. Leagann sé sin béim ar an ngá atá ann le maoirseacht neamhspleách a dhéanamh a ngabhann go leor cumhachtaí agus inniúlachtaí léi. Baineann sé sin freisin le comhar faisnéise idirnáisiúnta, áit a bhfuil cosaintí agus maoirseacht níos laige fós.

Tá gá ann freisin le comhar agus comhlántacht iomlán idir comhlachtaí maoirseachta éagsúla a áirithiú chun go mbeidh clúdach leanúnach ann ar gach céim faireachais, idir údarú agus chur chun feidhme.

Chomh maith leis sin, tá sé doiligh do dhaoine a fhulaingíonn sárúithe ar a gcearta leigheasanna éifeachtacha a lorg mar gheall ar an rúndacht a bhaineann le hobair faisnéise agus ar a chasta atá sé eolas a fháil faoi cé a fhéadann cabhair a thabhairt. Anuas air sin, maidir le han-chuid de na comhlachtaí neamhbhreithiúnacha a fhéadann tacaíocht a thairiscint, níl go leor saineolais acu ar conas ba cheart déileáil le saincheisteanna faisnéise. Tá neamhspleáchas agus cumhachtaí chun imscrúdú, ábhair a rochtain agus cinntí ceangailteacha a eisiúint in easnamh orthu freisin. Is amhlaidh,

áfach, gur tháinig roinnt Ballstát ar réitigh lena gcumasaítear do dhaoine an chóir a lorg trí bhreithiúna saineolaíocha a fhéadfaidh faisnéis rúnaicmithe a rochtain.

Sa tuarascáil seo, nuashonraítear an [anailís dhlíthiúil a rinne FRA sa bhliain 2015](#) agus comhlánaítear í le fionnachtana a gnóthaíodh ó níos mó ná 70 agallamh le saineolaithe i seacht mBallstát den Aontas Eorpach, mar atá: an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.

**Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach na [ceisteanna agus freagraí](#) gaolmhara nó téigh i dteagmháil le: [media@fra.europa.eu](mailto:media@fra.europa.eu) / Teil.: +43 1 580 30 642.**

**Nótaí d’eagarthóirí:**

Is é FRA comhlacht neamhspleách an Aontais Eorpaigh atá freagrach as [cúnamh agus saineolas maidir le cearta bunúsacha a thabhairt](#) don AE agus dá Bhallstáit.